An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil na Speiríní
## Machaire Fíolta

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil na Speiríní |
| **Seoladh:** | 53 Bóthar Mhóin na nIonadh<br>Baile na Croise<br>MACHAIRE FÍOLTA<br>Co Dhoire<br>BT45 7EN |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 7 Samhain 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 3 Meitheamh 2003 |

1. <u>**Sonraí faoi na Páistí**</u>

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 9 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 9 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 9 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 97% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 0 | 2 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 0 | 2 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 2 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | - | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 9 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 100% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 4 |

**NÁISCOIL NA SPEIRÍNÍ, BAILE NA CROISE, MACHAIRE FÍOLTA, CO DHOIRE, BT45 7EN (3AB-0481)**

1. Tá an t-ionad suite i Halla an Phobail i Móin na nIonadh. Ceapadh ceannaire agus cúntóir nua i Meán Fómhair 2007.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht agus pléadh ceisteanna ar bith, a ardaíodh, leis an fhoireann. Sna barúlacha a nocht siad bhí na tuismitheoirí uile sásta nó an-sásta le gach gné de sholáthar oideachais an ionaid. Thug roinnt tuismitheoirí tuairimí breise i scríbhinn a tharraing aird ar an éiteas an-dearfach a bhí ann agus ar dhílseacht agus ar dhúthracht na mball foirne nua.

3. Tá roinnt láidreachtaí i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint páistí. Tá roinnt polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an ionad réamhscolaíochta le haghaidh cosaint leanaí. Tá tuilleadh forbartha le déanamh orthu lena chinntiú go bhfuil siad mionchruinn go leor, go dtuigeann gach ball foirne iad ina n-iomláine agus go leagfar amach iontu modhanna níos soiléire le páistí a thabhairt chuig an leithreas. Caithfear a chinntiú go bhfaighidh baill an choiste bainistíochta oiliúint iomchuí i ngnóthaí a bhaineann le cosaint leanaí agus go rachaidh an t-ionad i gcomhairle ar bhonn níos iomláine le tuismitheoirí le linn dó na modhanna oibre sin le haghaidh cosaint leanaí a athbhreithniú agus a fhorbairt.

4. Tá láidreachtaí sa chlár le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus gealltanas méadaitheach ann go spreagfar na páistí le bheith ag ithe go sláintiúil agus le bheith i mbun gníomhaíochtaí coirp.

**5. Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- San ionad, taobh istigh den seomra súgartha tá atmaisféar, cluthar, carthanach sona den scoth ann. Is maith a fhreagraíonn na páistí don dóigh a mbíonn an fhoireann ag iarraidh orthu dea-iompar a chleachtadh agus bíonn siad socraithe go maith agus aird acu ar a bhfuil rompu agus iad ag súgradh. Bíonn caidreamh an-mhaith idir dhaoine ag gach leibhéal. Tá obair mhór déanta ag an fhoireann le timpeallacht tharraingteach spreagthach foghlama a bhfuil dea-eagar uirthi a chruthú do na páistí.

- Bíonn deiseanna sásúla foghlama i mbunús réimsí an churaclaim. Le linn na cigireachta baineadh úsáid as scéalaíocht sciliúil shuimiúil, as rainn, as amhráin, as caibidil le páistí agus as fíorábhair nádúrtha sa spás le haghaidh súgradh cruthaitheach le teanga na bpáistí a fhorbairt.

- Tá an clár ama laethúil eagraithe go maith agus cuirtear tréimhsí oiriúnacha súgartha ar fáil ann gan cur isteach ar na páistí agus lena linn sin bíonn go leor ama acu le roghanna a dhéanamh agus le triail gan srian a baint as an réimse gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil. Tugtar am cuí do sheisiúin scéalaíochta agus do sheisiúin súgartha.

- Is sciliúil atá an fhoireann ag soláthar deiseanna labhartha agus foghlama do na páistí trí ghníomhaíochtaí súgartha, trí ghrúpsheisiúin agus trí ghnáthimeachtaí an lae. Bíonn an bheirt bhall foirne ag idirghníomhú go féinmhuiníneach i nGaeilge leis na páistí; tá siad i ndiaidh a léiriú go bhfuil rún daingean acu bheith níos inniúla ar labhairt na Gaeilge agus iad ag freastal a ranganna Gaeilge go dtí na leibhéil ar a bhfuil siad faoi láthair. Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha agus tá siad ag tosú a úsáid roinnt gnáthfhocal Gaeilge agus iad ag idirghníomhú lena chéile agus le daoine fásta san ionad.

- Tá an t-ionad i ndiaidh naisc luachmhara tréadchúraim agus curaclaim a bhunú agus a chruthú idir é féin agus an bhunscoil Ghaeilge atá in aice láimhe agus le dreamanna áitiúla eile atá i mbun oideachais réamhscoile.

- Tá an ceannaire nuacheaptha ag bainistiú an ionaid go héifeachtach. Is eiseamláir mhaith í le leanúint agus í ag obair leis na páistí agus tá léargas maith aici ar an dóigh ar chóir an t-ionad a fhorbairt. Tá sí i ndiaidh na réimsí le forbairt a aimsiú go cuí agus dá bharr sin cuireadh go suntasach le taithí na bpáistí i dtréimhse réasúnta gairid agus iad ag forbairt go pearsanta, go sóisialta agus go mothúchánach gan trácht ar fhorbairt teanga.

**6. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Is gá na modhanna oibre a bhaineann le cosaint leanaí a dhéanamh cothrom le dáta lena chinntiú go bhfuil siad mionchruinn agus cuimsitheach agus go bhfuil eolas mar is cuí ag tuismitheoirí orthu.

- Caithfidh an fhoireann leanúint de bheith ag forbairt na modhanna pleanála agus measúnaithe lena chinntiú go ndéanfar freastal ar riachtanais páistí aonair.

- Caithfidh an t-ionad cur leis na hacmhainní atá aige lena chinntiú go dtabharfar dúshláin chuí do na páistí agus go ndéanfaidh siad an dul chun cinn mar is cuí i ngach réimse den chlár i rith na bliana.

7. Tá an fhoireann i ndiaidh tús a chur le feidhmiú roinnt modhanna úsáideacha féinmheastóireachta. Cé nach bhfuiltear ach i ndiaidh tús a chur leis an obair, tá roinnt dul chun cinn déanta san obair a bhaineann le timpeallacht chuí foghlama a chruthú do na páistí agus an cleachtas a fhorbairt sa seomra súgartha. Tá obair mhór déanta ag an saineolaí oideachais luath-óige i bhforbairt fhoriomlán an tsoláthair san ionad réamhscolaíochta seo. Tá an tacaíocht a chuirtear ar fáil dírithe go maith ar an obair, go háirithe ar na réimsí sin a aimsíodh mar réimsí tosaíochta cuí le feabhsú, agus ina measc sin, nithe a bhain le sláinte agus sábháilteacht a aimsíodh go pras agus tacaíocht éifeachtach a thabhairt don fhoireann le míonna anuas. Tá sé barrthábhachtach go mbeidh an coiste bainistíochta, an fhoireann agus an saineolaí oideachais luath-óige anois ag obair i gcomhar lena chéile chun pleananna gníomhaíochta breise a cheapadh i bhfianaise chinntí na cigireachta.

8. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt nithe a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin i réimsí tábhachtacha agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk